V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10408 — AIP / ALVANCE DUFFEL TARGET BUSINESS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 296/04)

1. An 26 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— American Industrial Partners Capital Fund VII, Ltd. (Cayman), ciste infheistíochta arna bhainistiú ag American Industrial Partners (SAM) (dá ngairtear "AIP" i dteannta a chéile),

— ALVANCE Aluminium Duffel (an Bheilg).

Faigheann AIP rialú ar ALVANCE Aluminium Duffel ina hiomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é AIP atá dírithe ar ghnólachtaí tionsclaíocha a cheannach agus a fheabhsú. Ó 2020 i leith, is le AIP Commonwealth Rolled Products, a oibríonn saoráid táirgí rollta alúmanaim le gníomhaíochtaí sna Stáit Aontaithe. Tá Aluminium Dunkerque, príomhtháirgeoir alúmanaim, a oibríonn bruithneoir alúmanaim in Loon-Plage gar de Dunkerque (an Fhrainc) faoi úinéireacht agus faoi rialú AIP freisin ó 2021 i leith;

— Is táirgeoir Eorpach de tháirgí cothromrollta alúmanaim é ALVANCE Aluminium Duffel ("FRPanna"). Oibríonn sé gléasra alúmanaim sa Bheilg, a tháirgeann leatháin cabhlach gluaisteán alúmanaim ("ABS"), FRPanna do theasmhalartóirí ("HEX"), agus FRPanna caighdeánacha amhail corna alúmanaim tionsclaíoch agus táirgí leatháin a úsáidtear i bhfoirgníocht agus i dtógáil, in iompar tráchtála agus i gcaighdeán eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10408 — AIP / ALVANCE DUFFEL TARGET BUSINESS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË